
# TODHCHAÍ NA COSANTA SÓISIALTA









# AGUS AN STÁIT LEASA SAN AONTAS EORPACH

# Nótaí

1) Is é atá sa doiciméad seo aistriúchán ar achoimre feidhmiúcháin agus roinn molta na tuarascála ón nGrúpa Ardleibhéil maidir le todhchaí na cosanta sóisialta agus an stáit leasa, rud a scríobhadh i mBéarla ar dtús agus a cuireadh ar fáil ar an leathanach gréasáin seo an 6 Feabhra 2023.

2) D'ullmhaigh an Grúpa an tuarascáil go coláisteach arna iarraidh sin don Choimisiún Eorpach. Sholáthair comhaltaí an Ghrúpa Ardleibhéil a rannchuidiú leis an tuarascáil ina gcáil phearsanta agus go hiomlán neamhspleách. Níor cheart na tuairimí a nochtar a bheith inchurtha i leith an Choimisiúin Eorpaigh ná a ranna. Le codanna den tuarascáil is féidir nach léireofar seasamh gach comhalta aonair den ghrúpa. Níl an Coimisiún Eorpach faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a eascraíonn as athúsáid an fhoilseacháin seo.

3) Tháinig an Grúpa Ardleibhéil maidir le todhchaí na cosanta sóisialta agus an stáit leasa san Aontas le chéile idir Samhain 2021 agus Nollaig 2022. Ba í **Anna Diamantopoulou,** iar-Choimisinéir Eorpach um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Comhionannas Deiseanna, iar-Aire sa Ghréig agus an t-uachtarán reatha ar an meitheal mhachnaimh DIKTIO atá bunaithe san Aithin, a rinne cathaoirleacht air.

11 chomhalta a bhí sa ghrúpa:

- **Agnieszka Chłoń-Domińczak**
- **Bernhard Ebbinghaus**
- **Elena Granaglia**
- **Anton Hemerijck**
- **Hans-Peter Klös**,
- **Catherine Mathieu**
- **Pasi Moisio**.
- **Jozef Pacolet**
- **Yves Stevens**
- **Dorottya Szikra**
- **Anu Toots**

Thacaigh rúnaíocht an ghrúpa (Aonad Cosanta Sóisialta AS EMPL, an Coimisiún Eorpach) leis an obair.

# Achoimre feidhmiúcháin

Ina thuarascáil, déanann an **Grúpa Ardleibhéil maidir le Todhchaí na Cosanta Sóisialta agus an Stáit Leasa san Aontas** anailís ar **thionchair príomh-mheigithreochtaí** , tionchair lena bhfuil coinne, ar an gcosaint shóisialta agus ar an stát leasa. Tugtar tuairisc léi ar na himpleachtaí atá acu **ar dhearadh agus raon feidhme córas cosanta sóisialta agus ar mhaoiniú na cosanta sóisialta.** Thairis sin, **forbraítear léi príomh-mholtaí straitéiseacha** le haghaidh na mBallstát agus an Aontais araon. Le cois treochtaí fadtéarmacha, leis an tuarascáil machnaítear ar na ceachtanna ó phaindéim COVID-19 agus ó chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus ar a iarmhairtí, amhail dúshlán méadaitheach na bochtaineachta fuinnimh.

Déantar difear don stát leasa le roinnt meigithreochtaí domhanda lena múnlaítear ár sochaithe, ár ngeilleagair agus ár margaí saothair. **Le hathruithe déimeagrafacha** áirítear fad saoil méadaitheach agus torthúlacht níos ísle as a dtagann aosú an daonra, agus athruithe ar struchtúir teaghlaigh, soghluaisteacht laistigh den Aontas agus imirce. Bíonn tionchar ag aosú an daonra ar inbhuanaitheacht airgeadais córas cosanta sóisialta, lena gceanglaítear fostaíocht níos airde agus lena ndéantar athmheasúnú ar 'theorainneacha' traidisiúnta saol atá gníomhach ó thaobh an gheilleagair de.

Tá **saol na hoibre ag athrú**. Tá fostaíocht níos airde i bpoist ardcháilíochta ríthábhachtach chun ioncam a sholáthar do gach teaghlach agus maoiniú inbhuanaithe ar chaiteachas poiblí a dhaingniú. Cé gur mhéadaigh an ráta fostaíochta le scór éigin blianta anuas, tá dúshláin tearcfhostaíochta fós ann do dhaoine óga, do mhná, d'oibrithe scothaosta, do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a mbaineann cúlra imirceach leo. Poist ísealcháilíochta, bochtaineacht lucht oibre agus an sciar ard d'fhoirmeacha neamhchaighdeánacha fostaíochta atá bainteach le héiginnteacht agus pá níos ísle, is príomhrioscaí iad sin ar gá roinnt foirmeacha nua cosanta a thabhairt isteach ina n-aghaidh.

Mar gheall ar **dhigiteáil agus athrú teicneolaíoch** bíonn rioscaí agus deiseanna araon ann le haghaidh margaí saothair agus cosaint shóisialta. Cé gur féidir caillteanais phoist áirithe agus polarú a ghiniúint leo sa mheántéarma ar a laghad, is féidir go dtiocfaidh glanfhás fostaíochta astu ar an iomlán san fhadtéarma. Is é comhartha sóirt an gheilleagair ardán cuid mhór obair fhorbhásach, agus tá an riosca ann go méadófar neamhionannais de dheasca bearnaí i scileanna agus rochtain ar TF. An tráth céanna, le forbairtí teicneolaíocha cruthaítear deiseanna le haghaidh eagrú agus éifeachtúlacht na cosanta sóisialta, mar shampla, seirbhísí cúraim sláinte.

**Leis an athrú aeráide** agus leis an **aistriú glas** tá difear á dhéanamh cheana do mhargaí saothair agus do chosaint shóisialta, cé nár spreagadh freagairt beartais shóisialta chuimsitheach leo go dtí seo. Cé go ndéantar difear do chách leis an athrú aeráide, tá an baol ann go gcuirfear na neamhionannais atá ann cheana in olcas de dheasca na ndúshlán nua. Na himpleachtaí fostaíochta agus sóisialta atá ag an aistriú glas, is gá aghaidh a thabhairt orthu. Áirítear leis sin ganntanais saothair a laghdú i bpríomhghairmeacha beatha, tacú le haistrithe le haghaidh oibrithe atá fostaithe in earnálacha atá i mbaol agus bochtaineacht fuinnimh a íoslaghdú.

Leis an tuarascáil breathnaítear ar thionchar na meigithreochtaí sin ar bheartais shóisialta agus leasa i **bpeirspictíocht conaire saoil**, agus idirdhealú á dhéanamh idir trí fheidhm de chuid an stáit leasa: **rialáil an mhargaidh saothair, cosaint shóisialta** agus **infheistíocht shóisialta.**

Is iomaí aidhm atá **agbeartais teaghlaigh,** amhail dul i ngleic le bochtaineacht leanaí, forbairt leanaí agus tús láidir sa saol a chur chun cinn, caighdeán maireachtála sásúil a áirithiú le haghaidh teaghlach, agus fostaíocht na mban a mhéadú. Le beartas leasa is gá dul lasmuigh de chosaint ioncaim agus soláthar seirbhísí a chur i dtábhacht chun rannpháirtíocht sa saol sóisialta agus eacnamaíoch a chumasú agus borradh a chur faoi fhostaíocht.

Tá **an óige** ag teacht chun bheith ina tréimhse níos faide sa saol, tráth a aistríonn déagóirí agus daoine fásta óga idir oideachas agus fostaíocht, spleáchas agus neamhspleáchas eacnamaíoch – agus tráth a fhéadfaidh clann a bheith acu freisin. De dheasca fostaíocht neamhchaighdeánach, lena n-áirítear printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna, pá íseal agus taifid oibre ilroinnte is minic a chuirtear bac le cosaint shóisialta leordhóthanach le haghaidh daoine óga. Tá ríthábhacht fós le haistriú rathúil ón scoil go dtí an obair le haghaidh ionchais phá agus cumhdach slándála sóisialta araon agus chun díobhálacha fadtéarmacha thearcfhostaíocht na hóige a sheachaint. Is féidir go n-áireofar i bhfreagairtí beartais teaglaim de shochair cosanta sóisialta uilíocha agus spriocdhírithe, scoláireachtaí agus sochair ionsá an mhargaidh saothair.

Le linn **shaol na hoibre**, tá príomhról ag cómhargáil chun cosaint pá íosta leordhóthanach a bhaint amach agus dáileadh cóir gnóchan táirgiúlachta a áirithiú chomh maith leis sin. Mar sin féin, tá creimeadh déanta ar a cumas cosantach. Thairis sin, tá dúshláin fós roimh oibrithe neamhchaighdeánacha agus daoine féinfhostaithe maidir le cumhdach ó shochair cosanta sóisialta leordhóthanacha, thrédhearcacha agus iniompartha. Chun réiteach a dhéanamh idir an tsolúbthacht is gá i ngeilleagar an lae inniu agus ráthaíochtaí sóisialta leordhóthanacha, leis na roghanna áirítear cosaint shóisialta atá fóirdheonaithe le cáin nó borradh a chur faoi chuimsiú i scéimeanna ranníocacha. Chun ioncam cuibhiúil a áirithiú do chách, príomhdhúshlán roimh lucht ceaptha beartas is ea cosaint ioncaim íosta a nascadh le dreasachtaí chun obair a dhéanamh, agus pá cóir ann, i bhfianaise na n-ardleibhéal pá ísil agus bochtaineachta lucht oibre. Bearta uas-scilithe agus athscilithe ar feadh an tsaoil amhail beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, oideachas agus oiliúint ar feadh an tsaoil, tá ríthábhacht leo freisin chun tacú le hoibrithe le linn idirthréimhsí. Tá príomhról ag scéimeanna coinneála poist le linn géarchéimeanna eacnamaíocha chun dífhostaíocht a theorannú. Ba cheart tréimhsí scoir shealadaigh a úsáid mar dheis oiliúna.

De réir mar a théitear i dtreo **seanaoise**, éabhlóidíonn an t-aistriú ó fhostaíocht chuig scor de réir mar a ardaíonn aoiseanna pinsin agus mar a thagann níos mó socruithe solúbtha chun obair agus pinsean a nascadh le chéile chun bheith ar fáil. Chun riachtanais mhéadaitheacha daonra atá ag dul in aois a chomhlíonadh d'fhéadfadh gá a bheith le ranníocaíochtaí breise agus/nó le síneadh a chur le saoil oibre, rudaí lena n-éilítear beartais chaolchúiseacha le haghaidh oibrithe scothaosta, lena n-áirítear bearta coisctheacha, oiriúnú ag an áit oibre agus aoiseanna scoir difreáilte. Le haosú an daonra méadaítear an gá le cúram fadtéarmach, rud is féidir a bheith costasach le haghaidh teaghlach, rud a dheimhníonn tábhacht na cosanta sóisialta le haghaidh cúram fadtéarmach lena seastar na costais trí sholáthar poiblí

atá ranníocach agus/nó maoinithe le cáin. Tá tábhacht freisin le cúraimí comhbhácha a aithint chun pinsin leordhóthanacha a áirithiú, go háirithe le haghaidh na mban.

Chun freastal ar na riachtanais mhéadaitheacha a shainaithnítear sa tuarascáil is gá **maoiniú leordhóthanach, cóir agus inbhuanaithe a thabhairt don chosaint shóisialta.** Maíonn an Grúpa gurb é **is féidir teacht as bearta infheistíochta sóisialta díbhinn dhúbailte,** lena laghdaítear caiteachas sa todhchaí ar chosaint ioncaim a bhuí le gnóchain fostaíochta agus sláinte, agus an bonn cánach á mhéadú an tráth céanna. Ar na srianta ar iarrachtaí chun cánacha a ardú áirítear an muirear fioscach atá ann cheana agus na fiachais agus na spriocanna easnaimh, domhandú agus athrú teicneolaíoch. Tá ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus cánachas ar an dá phríomhfhoinse chun maoiniú a dhéanamh ar chosaint shóisialta; tá tionchar éagsúil acu, áfach, ar dhul chun cinn an chórais cánach agus sochar, ar na dreasachtaí fostaíochta agus ar an toilteanas chun rannchuidiú. Bhí an muirear cánach foriomlán cobhsaí le 25 bliana anuas, agus leanann saothar de bheith ar an bpríomhfhoinse mhaoiniúcháin le haghaidh cosaint shóisialta, d'ainneoin ról méadaitheach maoiniúcháin cánach.

Breathnaíonn an grúpa ar na díospóireachtaí beartais leanúnacha maidir le **feabhas a chur ar dhul chun cinn agus cothroime an chórais cánach agus sochar fhoriomláin chomh maith le foinsí maoiniúcháin malartacha**, amhail cánachas indíreach (tomhaltas), cánachas corparáideach, cánachas rachmais, athrú chuig foirmeacha nua cánachais le haghaidh an gheilleagair dholáimhsithe, cánachas comhshaoil etc., agus maidir le seachaint cánach, imghabháil cánach agus calaois a chomhrac. Leis an tuarascáil maítear go ndéantar difear le rialacha rialachas eacnamaíoch an Aontais do lamháil inlíochta na mBallstát chun infheistíocht shóisialta agus cosaint shóisialta a mhaoiniú.

Le conclúidí na tuarascála leagtar béim ar an tábhacht atá le **stát leasa ionchuimsitheach agus cóir chun rioscaí sóisialta a íoslaghdú agus cruatan eacnamaíoch a mhaolú, le linn a bheith ag tacú le haschur eacnamaíoch agus dea-bhail aonair**. Le stát leasa nua-aimseartha ba cheart maoláin láidre a sholáthar in aghaidh turraingí eacnamaíocha agus infheistiú i 'gcéimeanna aistir' a chuidíonn le daoine feadh aistrithe conaire saoil criticiúla. Agus é á aithint nach ann d'aon réiteach a oireann do gach cás le haghaidh na stát leasa Eorpach éagsúil, leis an tuarascáil cuirtear ar aghaidh liosta de 21 mholadh chun an stát leasa a nuachóiriú agus a threisiú. Orthu sin áirítear:

- **Cosaint agus tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh ag a bhfuil leanaí**: mar shampla, ba cheart cúram leanaí le haghaidh gach linbh faoi bhun 3 bliana d'aois a bheith saor in aisce nó inacmhainne. Ina theannta sin, ba cheart rochtain a bheith ag daoine ar thacaíocht airgeadais leordhóthanach agus ar sheirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige chun é a éascú dóibh clann a thosú. Le haghaidh teaghlaigh leochaileacha, ba cheart na seirbhísí sin a bheith saor in aisce.
- **Comhionannas deiseanna le haghaidh oideachais agus oiliúna**: ba cheart do stáit leasa comhionannas deiseanna a ráthú le haghaidh daoine óga ó theaghlaigh ísealioncaim ionas gur féidir leo leanúint den oideachas agus den oiliúint tar éis na scoile éigeantaí, mar shampla le scoláireachtaí.

- **Rochtain ar chosaint shóisialta do chách**: gan beann ar an gconradh nó ar fhoirm na hoibre, ba cheart rochtain a bheith ag gach duine ar chosaint shóisialta agus ba cheart dó rannchuidiú léi. Ina theannta sin, ba cheart cosaint shóisialta a bheith leordhóthanach agus inrochtana ar feadh shaol an duine.
- **Cáilíocht na hoibre**: Ba cheart do na Ballstáit agus do na comhpháirtithe sóisialta tacú le cáilíocht poist lena n-áirítear ioncam cuibhiúil agus seasta, uathriail, sláinte fhisiceach agus mheabhrach, deiseanna le haghaidh forbairt gairme agus cothromaíocht oibre is saoil.
- **Foghlaim ar feadh an tsaoil**: ba cheart deiseanna a bheith ag gach duine chun feabhas a chur ar a scileanna nó scileanna nua a fhoghlaim. Leis sin feabhsófar a dheiseanna chun post a aimsiú, nó poist a athrú, i bhfianaise na n-aistrithe glasa agus digiteacha. Ina theannta sin, leis sin tacófar leis gabháil do ghairmeacha beatha iomlán nua, mar shampla in earnálacha nua.
- **Ioncam agus poist a chosaint:** ag foghlaim ón Mórchúlú Eacnamaíoch agus ó ghéarchéim COVID-19, ba cheart scéimeanna coinneála poist a bheith inrochtana do chách.
- **Gairmeacha níos faide, pinsin leordhóthanacha agus cúram fadtéarmach:** ba cheart do na comhpháirtithe sóisialta agus do na Ballstáit féachaint le gairmeacha níos faide i sláinte mhaith a chur chun cinn, go háirithe trí shocrú ama oibre solúbtha, áiteanna oibre coigeartaithe agus oiliúint.
- **Maoiniú níos fearr ar an stát leasa**: chun freagairt do na riachtanais agus na dúshláin mhéadaitheacha, is gá do na Ballstáit foinsí nua a aimsiú chun cosaint agus leas sóisialta a mhaoiniú go hinbhuanaithe, mar shampla tríd an mbonn cánach a leathnú agus tríd an meascán ioncaim a athchoigeartú (tríd an gcánachas forchéimnitheach ar ioncam, tomhaltas, caipiteal agus rachmas, agus ar charbón agus fuinneamh chomh maith, a fhairsingiú).
- **Riail óir maidir le hairgeadas poiblí**: le rialachas fioscach an Aontais sa todhchaí is gá cosaint shóisialta agus go háirithe riachtanais infheistíochtaí sóisialta a dhaingniú, agus iasachtaíocht a cheadú chun infheistiú i mbonneagair shóisialta.
- **Dlús a chur le hinniúlacht an Aontais chun cosaint shóisialta a dhaingniú:** ba cheart don Aontas tionscnaimh reachtacha a mheas chun prionsabail uile Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chomhlíonadh, forfheidhmiú comhsheasmhach a áirithiú ar fud an Aontais agus iomaíocht éagórach ar chaighdeáin cosanta sóisialta a theorannú.

Cuirtear críoch leis an tuarascáil trí **rannchuidiú cinntitheach an stáit leasa** a thabhairt dá aire, rannchuidiú chun an Mórchúlú Eacnamaíoch agus éifeachtaí eacnamaíocha agus sóisialta phaindéim COVID-19 a shárú. Fáiltítear léi roimh **aistriú an Aontais i dtreo níos mó solúbthacht fhioscach** lena n-éascaítear infheistíocht shóisialta.

# Moltaí

## A. Ag tosú go láidir: ag cothú forbairt leanaí do chách

1. Ba cheart rochtain a bheith ag gach leanbh faoi bhun 3 bliana d'aois ar sheirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige ardcháilíochta lae iomláin, rud a chothaíonn forbairt luath-óige, agus é á éascú do dhaoine réiteach a dhéanamh idir saol na hoibre agus saol an teaghlaigh agus é á éascú do mhná a bheith i bhfostaíocht. Ba cheart na seirbhísí sin a bheith inacmhainne le haghaidh gach teaghlaigh agus ba cheart iad a bheith ar fáil saor in aisce dóibh sin uile ag a bhfuil leanaí i ngátar.
2. Ba cheart do na Ballstáit cosaint ioncaim íosta spriocdhírithe agus seirbhísí cumasaithe a sholáthar do theaghlaigh leochaileacha ag a bhfuil leanaí chun bochtaineacht leanaí a chosc (rud is mó atá le brath i dteaghlaigh ag abhfuil tuismitheoirí aonair agus clanna móra).

## B. Túsphointe a chruthú le haghaidh na glúine óige

3. Ba cheart do na Ballstáit tacaíocht airgeadais, seirbhísí agus sochair chomhchineáil leordhóthanacha a chur i bhfeidhm chun é a chur ar a gcumas do dhaoine – nuair is mian leo – clann a thosú agus leanaí a bheith acu.
4. Ba cheart do na Ballstáit cur chun feidhme na Ráthaíochta treisithe don Aos Óg a shaothrú, soláthar oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a neartú agus timpeallacht a sholáthar atá i bhfabhar cruthú post ardcháilíochta agus deiseanna fiontraíochta do dhaoine óga. Ba cheart do na Ballstáit liúntas leordhóthanach a sholáthar do dhaoine óga ó theaghlaigh ísealioncaim lena gcuirtear é ar a gcumas dóibh oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán a shaothrú tar éis scolaíocht éigeantach.

## C. Cosaint shóisialta ionchuimsitheach agus foghlaim ar feadh an tsaoil a áirithiú

5. Ba cheart do gach duine i bhfostaíocht, gan beann ar a stádas oibre, a bheith in ann cosaint shóisialta leordhóthanach a rochtain agus rannchuidiú léi agus le ranníocaíochtaí ba cheart gach foinse ioncaim a chur san áireamh. Ba cheart an chosaint shóisialta sin a bheith inrochtana ar feadh na conaire saoil, ba cheart caighdeán maireachtála cuibhiúil a choinnigh ar bun léi, agus athsholáthar ioncaim iomchuí á sholáthar agus an gá le hioncam íosta de réir tástáil acmhainne á laghdú, chomh maith le hiomaíocht éagórach ar ranníocaíochtaí slándála sóisialta á seachaint.
6. Ba cheart do na Ballstáit, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta ar gach leibhéal, cur chuige a fhorbairt maidir le cáilíocht na hoibre atá íogair ó thaobh saincheisteanna conaire saoil, lena gcuimsítear ioncam cuibhiúil agus slán; uathriail i gcúraimí oibre; sláinte fhisiceach agus mheabhrach mhaith; deiseanna le haghaidh forbairt gairme; agus cothromaíocht oibre is saoil oiriúnach.
7. Ba cheart córais éifeachtacha foghlama ar feadh an tsaoil a bheith ag na Ballstáit, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, lena

soláthraítear deiseanna le haghaidh uas-sciliú agus athsciliú. Ba cheart infhostaitheacht a fheabhsú leo sin le haghaidh gach duine in aois oibre agus feabhas a chur ar an mbonn scileanna le haghaidh gairmeacha cúraim, dhigiteáil na hoibre agus an aistrithe ghlais. Ina theannta sin, ba cheart dóibh tacú le hathstruchtúrú eacnamaíoch i bhfabhar earnálacha agus gairmeacha beatha nua, agus cothromaíocht inscne á cur chun cinn leo. Is féidir borradh a chur faoi rochtain ar uas-sciliú agus athsciliú le cómhargáil, tobhaigh oiliúna ar phárolla iomlán fostóra agus forbairt cuntas foghlama aonair.

8. Ba cheart do na Ballstáit cuimsiú imirceach a shaothrú trína mbeartais shóisialta agus margaidh saothair, agus rochtain luath agus chomhionann ar an margadh saothair á háirithiú,

   agus tacaíocht á tabhairt ina leith le hoiliúint; aitheantas do scileanna agus cáilíochtaí; foghlaim teanga; agus insealbhú saoránachta. Tá sé fíor-riachtanach idirdhealú agus dúshaothrú a chomhrac chun cuimsiú imirceach sa tsochaí a chothú agus é a chur ar a gcumas dóibh rannchuidiú go hiomlán leis an ngeilleagar.

9. Ag foghlaim ón Mórchúlú Eacnamaíoch agus ó ghéarchéim COVID-19, ba cheart scéimeanna coinneála poist a bheith i bhfeidhm ag na Ballstáit (amhail obair ghearr-ama) atá inrochtana ag daoine i ngach stádas oibre, chun ioncaim a choinnigh ar bun agus caillteanas scileanna a sheachaint le linn géarchéimeanna sa todhchaí. Le haghaidh fostaithe, leis na scéimeanna sin íoslaghdaítear leagan as foirne agus naisc á gcaomhnú idir an fostóir agus an fostaí. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as tréimhsí scoir shealadaigh chun oiliúint bhreise a sholáthar.

## D. Ag tacú le gairmeacha beatha níos faide i sláinte mhaith chun ioncaim scoir leordhóthanacha a choimirciú

10. Ba cheart do na comhpháirtithe sóisialta agus/nó na Ballstáit tacú le saoil oibre níos faide trí shocruithe ama oibre níos solúbtha a chur chun cinn, coigeartuithe oiriúnacha a dhéanamh ar áiteanna oibre agus oiliúint leanúnach a sholáthar chun riachtanais oibrithe scothaosta a chomhlíonadh agus a gcumas a úsáid. Ba cheart do na Ballstáit dreasachtaí spriocdhírithe a mheas lena n-éascaítear do dhaoine aistriú a dhéanamh de réir a chéile chuig scor, agus ag aois níos sine.

11. Agus aosú an daonra rompu, ba cheart do na Ballstáit dul i ngleic le bochtaineacht go réamhghníomhach agus ioncam leordhóthanach a choinnigh ar bun sa tseanaois. Le breithnithe maidir le hinbhuanaitheacht airgeadais ba cheart taobh an ioncaim agus an chaiteachais de na cuntais rialtais a chur san áireamh chomh maith le héifeachtaí fostaíochta méadaithe agus níos faide. Ba cheart sochair íosta sa tseanaois a bheith sách ard chun rannchuidiú go héifeachtach le bochtaineacht a chosc. Ba cheart do na Ballstáit (agus, i gcás ina ndéantar scéimeanna a chaibidliú i gcomhpháirt, na comhpháirtithe sóisialta freisin) a áirithiú go n-áireofar gach duine atá in aois oibre i scéimeanna pinsin ranníocacha a chuirtear in ionad ioncam ón obair ar bhealach leordhóthanach.

12. Tréimhsí ina dtugtar aireachas, amhail aire a thabhairt do leanaí agus daoine scothaosta – arb é atá i gceist leo iallach a bheith ar dhaoine éirí as a bhfostaíocht nó oibriú go páirtaimseartha, ba cheart iad a bheith creidiúnaithe chun críocha pinsin, lena n-áirítear trí fhóirdheontais i gcás scéimeanna neamhphoiblí.

### E. Soláthar cúraim fhadtéarmaigh atá cothromasach agus ar ardcháilíocht a áirithiú

13. I bhfianaise an mhéadaithe ar riachtanais cúraim fhadtéarmaigh i sochaithe aosaithe, ba cheart do na Ballstáit infhaighteacht seirbhísí cúraim ardcháilíochta a threisiú, lena n-áirítear cúram siúlach, baile agus cónaithe, agus saoirse rogha a áirithiú. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh seirbhísí inrochtana do chách agus go ndéantar iad a chumhdach le cosaint shóisialta (ranníocach nó maoinithe le cáin), agus uasteorainn réasúnach ar na comhíocaíochtaí ar gá do theaghlaigh a dhéanamh.

### F. Tithíocht agus iompar atá ionchuimsitheach agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn

14. Ba cheart do na Ballstáit tithíocht a chothú atá inacmhainne, tíosach ar fhuinneamh agus bunaithe ar phrionsabail an 'dearaidh uilíoch', lena n-áirithítear go bhfuil sí inrochtana do chách. Ba cheart tacaíocht a sholáthar do theaghlaigh ag a bhfuil ioncaim nó coigiltis ísle (go háirithe daoine óga agus teaghlaigh ag a bhfuil leanaí), agus daoine faoi mhíchumas nó daoine scothaosta a bhfuil riachtanas speisialta acu. Ba cheart do na Ballstáit tacú le húdaráis áitiúla, comhlachais tithíochta agus eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta sa phróiseas sin, agus ba cheart tacú le tionscadail phíolótacha nuálaíochta sóisialta le cistí an Aontais.

15. Chun comhtháthú sóisialta agus aistriú glas cóir a chothú ba cheart do na Ballstáit iompar poiblí inacmhainne agus tíosach ar fhuinneamh a áirithiú, agus líonraí iontaofa agus roghanna malartacha glasa ann. Ba cheart cuimsiú sóisialta agus rochtain chomhionann ar iompar poiblí a bheith mar chuid den phleanáil uirbeach agus tuaithe agus fóirdheontais phoiblí mar thacaíocht leo, agus aird ar leith á tabhairt ar limistéir dhíothacha.

### G. Soláthar seirbhíse ionchuimsithí a áirithiú lena bhfeabhsaítear dea-bhail agus cumais

16. Chun seirbhísí sóisialta éifeachtacha, ardcháilíochta agus cuimsitheacha a sholáthar, is gá do na Ballstáit feabhas a chur ar sholáthar seirbhíse ar an leibhéal áitiúil, comhléiriú agus gairmiúlú a chothú, agus lántairbhe a bhaint as deiseanna digiteála. Ba cheart caighdeáin cháilíochta agus sásraí dearbhaithe cáilíochta a bheith ag na Ballstáit le haghaidh seirbhísí sóisialta agus ba cheart dóibh iad a chur i bhfeidhm maidir le soláthraithe poiblí agus príobháideacha araon. Ba cheart do na Ballstáit rannpháirtíocht eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus an gheilleagair shóisialta a mhéadú i ndearadh agus soláthar seirbhísí sóisialta. Ba cheart don Aontas níos mó taighde agus malartú faisnéise a chothú maidir le dea-chleachtas chun tacú le nuálaíochtaí i rialachas agus soláthar seirbhísí sóisialta.

### H. Maoiniú inbhuanaithe a áirithiú le haghaidh stát leasa athléimneach

17. Chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais airgeadais mhéadaitheacha an stáit leasa, ba cheart do na Ballstáit cuimhneamh ar an mbonn cánach a leathnú agus an meascán ioncaim a athchoigeartú lastall de ranníocaíochtaí sóisialta lena gcuirtear le costais saothair agus an t-ioncam a fhairsingiú ó chánacha forchéimnitheacha ar ioncam, tomhaltas, caipiteal agus rachmas, agus ó chánacha carbóin agus

fuinnimh chomh maith leis sin. Chun iomaíocht cánach dhíobhálach agus dumpáil shóisialta a chosc, ba cheart don Aontas iarrachtaí na mBallstát a chomhordú chun comhbheartas maidir le cánachas caipitil a shaothrú agus chun cur in aghaidh imghabháil cánach agus seachaint cánach.

18. Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit comhaontú Eorpach a mheas maidir le rátaí cánach íosta ar chaipiteal agus rialacha comhchuibhithe ón Aontas maidir le cánachas caipitil chun an bonn féideartha a neartú chun cosaint shóisialta a chistiú agus chun cuidiú le hiomaíocht a sheachaint ar chaighdeáin cosanta sóisialta.

19. I gcomhthéacs rialachas fioscach an Aontais sa todhchaí, is gá cosaint shóisialta agus infheistíochtaí sóisialta go háirithe a dhaingniú. Le 'riail óir maidir le hairgeadas poiblí' ba cheart iasachtaíocht a cheadú le haghaidh infheistíocht shóisialta, i gcéim thosaithe ar a laghad, le haghaidh infheistíocht i mbonneagair shóisialta.

## I. Dlús a chur le hinniúlacht an Aontais chun cosaint shóisialta a dhaingniú sa todhchaí

20. Ba cheart don Aontas glacadh tionscnamh reachtach breise a mheas i leith beartas fostaíochta agus sóisialta chun prionsabail uile Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chomhlíonadh, forfheidhmiú comhsheasmhach a áirithiú ar fud an Aontais agus aon iomaíocht éagórach ar chaighdeáin cosanta sóisialta a theorannú.

21. Ba cheart do na Ballstáit pacáiste íosta ceart sóisialta a ráthú dá gcónaitheoirí uile, bunaithe ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, ar prionsabail iad ar gá seasamh leo i gcónaí, lena n-áirítear tar éis suaití seachtracha.